



Uimhir 1 (Príobháideach) de 2000

**AN tACHT UM CHOLÁISTE NA TRÍONÓIDE, BAILE ÁTHA
CLIATH (CAIRTEACHA AGUS LITREACHA PAITINNE A
LEASÚ), 2000**

[An tiontú oifigiúil]

RÉAMHRÁ

RIAR NA NALT

Alt

1. Mínithe.
 2. Leasú ar Chlásal 2 de Litreacha Paitinne Forlíontacha 1911 (Amendment to the Constitution of the Body Corporate of Trinity College, Dublin).
 3. Leasú ar Chlásal 4 de Litreacha Paitinne Forlíontacha 1911 (Amendment to the Constitution of the Board of Trinity College, Dublin).
 4. Leasú ar Chairt Fhorlíontach 1637 (Appointment of Provost of Trinity College, Dublin).
 5. Na Cairteacha agus na Litreacha Paitinne a thuairiscítear sa Réamhrá a dhaingniú.
 6. Caiteachais.
 7. Gearrtheideal.
-

*An tAcht um Choláiste na Tríonóide,
Baile Átha Cliath (Cairteacha agus
Litreacha Paitinne a Leasú), 2000.*

AN TACHT DÁ DTAGRAÍTEAR

Acht na nOllscoileanna, 1997

1997, Uimh. 24



Uimhir 1 (Príobháideach) de 2000

**AN tACHT UM CHOLÁISTE NA TRÍONÓIDE, BAILE ÁTHA
CLIATH (CAIRTEACHA AGUS LITREACHA PAITINNE A
LEASÚ), 2000**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ NA gCAIRTEACHA AGUS NA
LITREACHA PAITINNE FAOINAR CORPRAÍODH
COLÁISTE NA TRÍONÓIDE, BAILE ÁTHA CLIATH.

[6 Samhain, 2000]

DE BHRÍ go ndearnadh le Cairt nó Litreacha Paitinne dar dáta an Réamhrá.
3ú lá de Mhárta 1592 (dá ngairtear “Cairt Bhunaitheach 1592” anseo feasta) arna deonú ag a Soilse an Bhanríon Eilís nach maireann, Propast, Ánraí agus Scoláirí Choláiste Thríonóid Naofa Neamhroinnte na Banríona Eilís gar do Bhaile Átha Cliath agus daoine áirithe arna n-ainmniú sa Chairt sin agus cibé daoine eile a thoghtar ó am go ham ar an modh a ordaítear sa Chairt sin a chorpú agus a thógáil agus a chomhdhéanamh go brách mar chomhlacht corpraithe ag a bhfuil comharbas suthain agus dá ngairtear agus ar a dtugtar Propast, Ánraí agus Scoláirí Choláiste Thríonóid Naofa Neamhroinnte na Banríona Eilís gar do Bhaile Átha Cliath:

AGUS DE BHRÍ go ndearnadh Cairt Bhunaitheach 1592 a leasú le Cairt fhorlíontach nó Litreacha Paitinne forlíontacha dar dáta an 25ú lá de Bhealtaine 1637 agus a dheonaigh a Shoilse an Rí Séarlas a hAon nach maireann (dá ngairtear “Cairt Fhorlíontach 1637” anseo feasta):

AGUS DE BHRÍ go ndearnadh na Cairteacha sin agus na Litreacha Paitinne sin a leasú tuilleadh le Litreacha Paitinne éagsúla is díol spéise ó thaobh na staire de:

AGUS DE BHRÍ go ndearnadh Cairt Fhorlíontach 1637 a leasú le Litreacha Paitinne dar dáta an 24ú lá de Bhealtaine 1911 agus a dheonaigh a Shoilse an Rí Seoirse a Cúig nach maireann (dá ngairtear “Litreacha Paitinne Forlíontacha 1911” anseo feasta):

AGUS DE BHRÍ go ndéantar, sna Cairteacha nó sna Litreacha Paitinne réamhráite, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a thabhairt ar an gCorparáid a thuiriscítear mar Choláiste Thríonóid Naofa Neamhroinnte na Banríona Eilís gar do Bhaile Átha Cliath agus gurb í an Chorparáid sin an t-aon Choláiste de chuid Ollscoil Bhaile Átha Cliath a bhunaítear leis na Cairteacha agus na Litreacha Paitinne sin, agus comharbas suthain aici mar a dúradh, agus go gcumhachtaítear di thairis sin céimeanna a bhronnadh:

*An tAcht um Choláiste na Tríonóide,
Baile Átha Cliath (Cairteacha agus
Litreacha Paitinne a Leasú), 2000.*

AGUS DE BHRÍ gur foráladh, i measc nithe eile, sna Cairteacha agus sna Litreacha Paitinne réamhráite, go mbeidh an Chorpáid sin arna corprú agus arna tógáil go brách agus go mbeidh comharbas suthain aici:

AGUS DE BHRÍ gur foráladh thairis sin sna Cairteacha agus sna Litreacha Paitinne réamhráite go bhféadfaidh an Coláiste sin earraí, airnéisí, tailte, tionóntáin agus oidhreachtaí d'aon chineál, nádúr nó speiceas, soláthairtí, seirbhísí agus gach brabús eile agus gach brabús ar leithligh a shealbhú mar thacaíocht agus faoiseamh do Phropast, d'Ánraí agus do Scoláirí an Choláiste go suthain:

AGUS DE BHRÍ go ndearnadh, i gCairt Bhunaitheach 1592 agus i Litreacha Paitinne Forlíontacha 1911, údarás a thabhairt do Phropast agus d'Ánraí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, cibé dlíthe a bhunú eatarthu féin, ar dlíthe iad, dar leo, a bhí dea-chomhdhéanta in Ollscoileanna Cambridge agus Oxford agus ar dlíthe iad a mbreithneoidís ina leith go mbeidís feiliúnach agus oiriúnach don Chorpáid sin:

AGUS DE BHRÍ gur fóirsteanach, chun leas agus dea-rialú Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a chur chun cinn, go ndéanfar cuid áirithe de na cumhachtaí, de na feidhmeanna, de na dlínsí, de na dualgais, de na hoibleagáidí agus de na forálacha sin atá sna Cairteacha nó sna Litreacha Paitinne réamhráite a aisghairm agus go ndéanfar leasuithe éagsúla eile mar a fhoráiltear anseo ina dhiaidh seo:

AGUS DE BHRÍ gur fóirsteanach bunreacht an Chomhlachta Chorpraithe, de réir mar atá sé leagtha amach i Litreacha Paitinne Forlíontacha 1911, a athmheas:

AGUS DE BHRÍ go bhfuil rialú Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, faoi na Cairteacha nó na Litreacha Paitinne réamhráite, dílsithe do Bhord na Corparáide sin:

AGUS DE BHRÍ gur fóirsteanach thairis sin bunreacht Bhord na Corparáide sin a athmheas:

AGUS DE BHRÍ gur fóirsteanach thairis sin foráil a dhéanamh maidir leis an modh ina bhféadfar bunreacht an Bhoird sin a leasú ina dhiaidh sin agus maidir leis an modh ina bhféadfar an Bord sin a athbhunú i gcás ina bhfionraítear é:

AGUS DE BHRÍ gur fóirsteanach go ndéanfaidh an Coláiste sin Propast Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a cheapadh de réir na ndlíthe i gcomhair rialachas an Choláiste lena n-áirítear na Reachtanna Comhdhlúite atá i bhfeidhm de thuras na huaire:

AGUS DE BHRÍ go ndéantar an tAcht seo a thíolacadh agus a chur chun cinn ar iarraidh ó Bhord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, le toiliú Phropast, Ánraí agus Scoláirí an Choláiste sin de réir na ndlíthe i gcomhair rialachas an Choláiste lena n-áirítear na Reachtanna Comhdhlúite atá i bhfeidhm de thuras na huaire:

AGUS DE BHRÍ gur fóirsteanach go n-achtófar na forálacha eile atá san Acht seo:

AGUS DE BHRÍ nach féidir na leasuithe sin a dhéanamh gan údarás ón Oireachtas:

*An tAcht um Choláiste na Tríonóide,
Baile Átha Cliath (Cairteacha agus
Litreacha Paitinne a Leasú), 2000.*

ACHTAÍTEAR AR AN ÁBHAR SIN AG AN OIREACHTAS
MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt— Mínithe.

ciallaíonn “an Bord” Bord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath;

ciallaíonn “an Coláiste” Coláiste Thríonóid Naofa Neamhroinnte na Banríona Eilís gar do Bhaile Átha Cliath a bunaíodh le Cairt Bhunaitheach 1592, agus measfar go bhfolaíonn sé Ollscoil Bhaile Átha Cliath ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt de réir na gcairteacha agus na litreacha paitinne a bhaineann le Coláiste na Tríonóide;

ciallaíonn “Cairt Fondúireachta 1592” Cairt Ríoga Chorpraithe Phropast, Ánraí agus Scoláirí Choláiste Thríonóid Naofa Neamhroinnte na Banríona Eilís gar do Bhaile Átha Cliath;

ciallaíonn “an Propast” Propast Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, de thuras na huairé;

ciallaíonn “Scoláirí” na scoláirí ag an tráth Bunaithe de réir mar a fhoráiltear i gCairt Bhunaitheach 1592 agus de réir mar a fhoráiltear tuilleadh i gCairt Fhorlíontach 1637 agus ar seachtó a líon;

ciallaíonn “an Rúnaí” Rúnaí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, de thuras na huairé arna cheapadh nó arna ceapadh ag an mBord de réir na ndlíthe i gcomhair rialachas an Choláiste lena n-áirítear na Reachtanna Comhdhlúite atá i bhfeidhm de thuras na huairé;

ciallaíonn “Cairt Fhorlíontach 1637” an Chairt Ríoga Chorpraithe Fhorlíontach lena leasaítear Cairt Bhunaitheach 1592;

ciallaíonn “Litreacha Paitinne Forlíontacha 1911” Litreacha Paitinne Forlíontacha 1911 lena leasaítear na Cairteacha Ríoga Corpraithe agus mar a cuireadh chun feidhme ina dhiaidh sin iad;

ciallaíonn “an Cisteoir” Cisteoir Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, de thuras na huairé arna cheapadh nó arna ceapadh ag an mBord de réir na ndlíthe i gcomhair rialachas an Choláiste lena n-áirítear na Reachtanna Comhdhlúite atá i bhfeidhm de thuras na huairé.

2.—Déanfar Litreacha Paitinne Forlíontacha 1911 a léamh agus a fhorléiriú amhail is dá scriosfaí astu na focail seo a leanas san áit a bhfuil siad i gClásal 2 de na Litreacha Paitinne sin ar Chomhlacht Corpraithe Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, is é sin le rá, na focail “together with two additional members of the said Governing Body to be elected as hereinafter provided by the Professors not being Fellows of Our said College enumerated in Schedule II hereto annexed.” agus amhail is dá geuirfí na focail seo a leanas isteach in ionad na bhfocal deireanach sin a scriosadh amhlaidh, is é sin le rá, na focail “together with those additional members of the Governing Body who, not being Fellows or Scholars, are for the time being members of the Governing Body.”.

Leasú ar Chlásal 2
de Litreacha
Paitinne
Forlíontacha 1911
(Amendment to the
Constitution of the
Body Corporate of
Trinity College,
Dublin).

*An tAcht um Choláiste na Tríonóide,
Baile Átha Cliath (Cairteacha agus
Litreacha Paitinne a Leasú), 2000.*

Leasú ar Chlásal 4
de Litreacha
Paitinne
Forlíontacha 1911
(Amendment to the
Constitution of the
Board of Trinity
College, Dublin).

3.—(1) Déanfar Litreacha Paitinne Forlíontacha 1911 a léamh amhail is dá scriosfaí astu na focail seo a leanas san áit a bhfuil siad i gClásal 4 díobh, is é sin le rá, na focail “shall consist of the Provost and seven Senior Fellows, and the Fellows, if any, other than Senior Fellows who may be elected by the Board, as hereinafter provided, to the office of Bursar, Senior Lecturer, or Registrar, together with two representatives of the Fellows of Our said College other than Senior Fellows, and two representatives of the body of professors enumerated in Schedule II hereto, to be elected as hereinafter provided, and that the following provisions shall have effect in regard to such Governing Body” agus lena n-áirítear ina dhiaidh sin fochlásaíl iomlána (1), (2), (3) agus (4) den chlásal sin agus amhail is dá gcuirfí na focail seo a leanas isteach ann ina n-ionad, is é sin le rá, na focail “shall be in accordance with the provisions of *The Trinity College, Dublin (Charters and Letters Patent Amendment) Act, 2000.*”.

(2) Is é a bheidh sa Bhord:

- (a) An Propast, an Leas-Phropast, an Léachtóir Sinsearach, an Cláraitheoir agus an Sparánaí;
- (b) Seisear Ánraí;
- (c) Cúigear comhaltaí den fhoireann acadúil nach Ánraí agus nach airde céim triúr acu, ar a laghad, ná céim léachtóra shinsearaigh;
- (d) Beirt chomhaltaí den fhoireann acadúil a bhfuil céim ollaimh acu;
- (e) Triúr comhaltaí den fhoireann neamhadúil;
- (f) Ceathrar mac léinn de chuid an Choláiste ar mac léinn iarchéime duine amháin acu ar a laghad;
- (g) Comhalta amháin nach fostaí ná mac léinn de chuid an Choláiste, arna roghnú ag Coiste de chuid an Bhoird ar a mbeidh ann an Propast agus beirt chomhaltaí den Bhord as measc ainmniúchán arna ndéanamh ag na heagrafochtaí sin atá ionadaitheach do cibé leas gnó nó gairmiúil is cuí leis an mBord;
- (h) Comhalta amháin arna cheapadh nó arna ceapadh ag an mBord agus arna ainmniú nó arna hainmniú ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta tar éis dul i gcomhairle leis an bPropast.

(3) Freastalóidh an Rúnaí agus an Cisteoir ar chruinnithe den Bhord.

(4) Is é nó is í an Rúnaí an Rúnaí don Bhord.

(5) Féadfar na forálacha san alt seo lena ndéantar foráil maidir le comhdhéanamh an Bhoird a athrú nó a leasú leis na dlíthe, na reachtanna agus na horduithe i gcomhair rialachas an Choláiste de réir nósanna imeachta reachtúla an Choláiste i gcomhair athruithe agus leasuithe den sórt sin ar choinníoll nach bhféadfar, leis na hathruithe sin nó na leasuithe sin, bunreacht an Bhoird a mhodhnú ach amháin ar mhodh atá i gcomhréir le cuspóir agus ábhar na n-alt a luaitear in alt 4(2) d’Acht na nOllscoileanna, 1997.

*An tAcht um Choláiste na Tríonóide,
Baile Átha Cliath (Cairteacha agus
Litreacha Paitinne a Leasú), 2000.*

A.3

(6) I gcás go bhfionraítear an Bord, déanfaidh na Cuardteoirí, laistigh de thréimhse trí mhí ón bhfionraí sin, maoirseacht ar nósanna imeachta chun go gcinnefar athbhunú an Bhoird de réir mar a fhoráiltear sna dlíthe, sna reachtanna agus sna horduithe i gcomhair rialachas an Choláiste lena n-áirítear na Reachtanna Comhdhlúite atá i bhfeidhm de thuras na huaire.

4.—(1) Déanfar Cairt Fhorlíontach 1637 a léamh agus a fhorléiriú amhail is dá scríosfaí aisti na focail seo a leanas san áit a bhfuil siad, is é sin le rá, na focail:

Leasú ar Chairt
Fhorlíontach 1637
(Appointment of
Provost of Trinity
College, Dublin).

“nos pro ea cura quam singularem habemus erga universum regnum Hiberniae, et specialiter erga Collegium praedictum, hanc potestatem antea concessam Socii Collegii praedicti pro tempore existentibus, cum assensu et consensu eorundem Praepositi, Sociorum, et Scholarium, nobismet ipsis, et haeredibus, et successoribus nostris, in perpetuum reservari volumus, et declaramus per praesentes. Et idcirco mandamus, ut quodocunque et quomodocunque contigerit Praeposituram dicti Collegii vacare; et Vicepraepositus pro tempore existens (vel eo absente Socius maxime senior qui domi fuerit) vacationem statim significet Cancellario academiae sive universitatis praedictae pro tempore existenti, et Cancellarius, absque mora, nobismet ipsis, haeredibus, vel successoribus nostris, renunciat,” agus foráladh mar a leanas leis aistriúchán ar na focail atá a scríosadh:

“We, for the singular care which we have towards the whole Kingdom of Ireland, and especially towards the aforesaid College, will and declare by these presents that this power, previously granted to the Fellows of the aforesaid College for the time being and their successors shall, forever, with the assent and consent of the same Provost, Fellows and Scholars, be reserved to us, our heirs and successors.

And therefore we command that whenever and in whatsoever manner the Provostship of the said College shall happen to be vacated, the Vice-Provost for the time being (or in his absence the most senior Fellow who shall be in the house) shall immediately notify the vacancy to the Chancellor of the aforesaid academy or University for the time being and the Chancellor, without delay, shall announce it to us,” agus amhail is dá gcuirfí na focail seo a leanas isteach in ionad na bhfocal deireanach sin a scríosadh amhlaidh, is é sin le rá, na focail “Praepositus Collegii Trinitatis apud Dublinium a Collegio ipso in officium illud eligetur juxta modum quem leges ad Collegium gubernandum constitutae una cum Statutis Consolidatis eo tempore valentibus praescribunt.”. Foráiltear mar a leanas leis an aistriúchán ar na focal atá á n-ionadú:

“The Provost of Trinity College, Dublin shall be chosen by the College in the manner provided for by the laws for the governance of the College including the Consolidated Statutes for the time being in force”.

(2) Déanfar Cairt Fhorlíontach 1637 a léamh agus a fhorléiriú amhail is dá scríosfaí aisti na focail seo a leanas san áit a bhfuil siad, is é sin le rá, na focail:

“... donec novus Praepositus a nobis, haeredibus et successoribus nostris nominetur, et in Praeposituram in dicto Collegio

*An tAcht um Choláiste na Tríonóide,
Baile Átha Cliath (Cairteacha agus
Litreacha Paitinne a Leasú), 2000.*

admittatur...” agus foráladh mar a leanas leis an aistriúchán ar na focail atá á scriosadh:

“... and until a new Provost be named by us, our heirs and successors, and admitted to the Provostship of the said College ...”.

Na Cairteacha agus na Litreacha Paitinne a thuairiscítear sa Réamhrá a dhaingniú.

5.—Ach amháin mar a leasaítear leis an Acht seo iad, beidh lánfheidhm ag na codanna neamh-aisghairthe de na Cairteacha agus na Litreacha Paitinne a thuairiscítear sa Réamhrá a ghabhann leis an Acht seo agus beidh lánéifeacht leo agus leanfaidh siad de lánfheidhm a bheith acu agus de lánéifeacht a bheith leo.

Caiteachais.

6.—Íocfaidh an Coláiste as a chistí na costais, na muirir agus na caiteachais a tabhaíodh roimh ré leis an Acht seo a ullmhú, a fháil agus a rith nó a bhaineann nó a ghabhann leis sin.

Gearrtheideal.

7.—Féadfar an tAcht um Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (Cairteacha agus Litreacha Paitinne a Leasú), 2000, a ghairm den Acht seo.